C/2025/446

17.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11806 – EFMS / OEM INTERNATIONAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/446)

1. An 9 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EQT Fund Management S.á r.l. ('EFMS', Lucsamburg), atá faoi rialú EQT AB ('EQT AB', an tSualainn),

— OEM International AB ('OEM International', an tSualainn).

Gheobhaidh EFMS rialú aonair ar OEM International ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 5 Samhain 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT Fund X, ciste infheistíochta príobháideach atá mar chuid de ghrúpa cistí infheistíochta EQT. Tá cuideachtaí punainne EQT gníomhach i dtionscail agus i dtíortha éagsúla in LEE agus ar fud an domhain,

— Is dáileoir de chomhpháirteanna tionsclaíocha i dTuaisceart na hEorpa é OEM International. Oibríonn a chuid custaiméirí i ndeighleoga éagsúla den tionscal monaraíochta. Ina measc seo tá déantúsóirí buntrealaimh, cuideachtaí suiteála, agus miondíoltóirí do mhargaí gairmiúla. Dáileann OEM International táirgí i sé phríomhréimse (i) comhpháirteanna leictreacha; (ii) comhpháirteanna agus cáblaí innealra; (iii) comhpháirteanna brú agus sreafa; (iv) mótair, imthacaí agus gearrthacha; (v) comhpháirteanna fearais agus (vi) comhpháirteanna suiteála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11806 – EFMS / OEM INTERNATIONAL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË